Cia ré bhfáiltigh fían Éirne?

[Ó Raghallaigh, Tomás: *Duanta Eoghain Ruaidh Mhic An Bhaird*, Galway, 1930, poem 2]

1 Cia re bhfáiltigh fían Éirne,
caidhe cúis a gcoimhéirghe,
na roimheannma ad-bath don bhrón
rath a dtoimheadhra ar dtionntódh?

2 Cia feasda re bhfáiltigh-sa,
cia mheadhras macruidh Thuathail,
d'éis choimhfhillti ar a séan soin
a mbél toirinnti a dtasgoidh?

3 Ó ló éaga Aodha Ruaidh
atá an laochruidh lán d'anbhuain,
i gceas naoidhion gus anocht
bheas ag caoineadh a gcumhacht.

4 Aodh Dubh oile 'na áit soin
rug an uairsi ar fhuil nDálaigh;
dia a n-aithbheodhuigh as sé sin,
aithreoghuidh gné dá ngnúisibh.

5 Ua Enrí, iarla Máighe,
oighre an ua soin Siubháine,
naoidhe thoirrcheas ar dtalamh,
aoidhe as oircheas d'fhiadhughadh.

6 Saoileachtain slóigh Sléibhe Truim,
dóchas beathadh chlann gConuill,
rún a gcridhe, fáth a bhfáilte,
bláth a fhine, a n-íocshláinte.

7 A ngrian nóna ag teacht do thoigh,
a nguth cuach ar cionn samhraidh,
a gceol síthe as a mbláth úr,
fríthe a ngnáth ón fhortún.

8 A ré nuaidhe, a ní foirfe,
a ngrís bheo, a mbrath méadaighthe,
cosg iarghná na taoibhe tall,
grian-lá saoire na saorchlann.

9 Gein buadha Conuill clodh-bháin,
ciall aislinge Adhamhnáin,
luach síor-asluigh Choluim cháidh,
d'fhíor-amhsuibh Chonuill Chruacháin.

10 Ó tá gach aoineach d'Ultuibh,

meanma gach Meic Gearultuigh,
comh-fhaoilidh ar a chionn soin,
na ro-mhaoidhidh inn amhlaidh.

11 Ní hiongnadh fáilte dá bhfuil
roimhe ag crích chloinne Dáluigh;
tarla athchruthadh dhí dhe
nach bí ar athruchadh oile.

12 Taisbéantar i dtlacht núidhe
aighthe a haosa iomthnúídhe:
críoch ghéig-fhillte na dtráigh dte
gan dál n-éigcinnte uaidhe.

13 Tréighfidh sí snuadh na tuirsi,
cuirfidh an chríoch Chonuill-si
a sgingbhearta doghra dhi,
tinghealltа a cobhra chuici. CIA